

# Prótacal COVID-19 um Oibriú go Sábháilte

## Seicliosta Fostóra 1 - Pleanáil agus Ullmhú (An t-ionad oibre a oscailt nó a athoscailt i ndiaidh a dhúnta)

Ullmhaíodh na seicliostaí seo chun cabhrú le fostóirí, úinéirí gnó agus bainisteoirí a ngnó a chur faoi lán seoil arís ar bhealach a chabhróidh le leathadh COVID-19 a chosc. Tá tuilleadh eolais ar [gov.ie](http://gov.ie), [hse.ie](http://hse.ie), [hpsc.ie](http://hpsc.ie) agus [hsa.ie](http://hsa.ie).

Tá sé tábhachtach agus an treoir seo á comhlíonadh go gcloíonn d'fhoirgneamh fós leis na rialacháin sláinte agus sábháilteachta, dóiteáin, bhia agus foirgníochta atá i bhfeidhm.

Uimh.	Beart Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
1.	An bhfuil córas i bhfeidhm agat chun coinneáil ar an eolas faoin gcomhairle is deireanaí ó <a href="http://gov.ie">gov.ie</a> agus <a href="http://hse.ie">hse.ie</a> agus chun do chuid pleananna agus nósanna imeachta a athrú de réir na comhairle sin?			
2.	An bhfuil Plean Freagartha COVID-19 ullmhaithe agus leasaithe agat de réir an <a href="#">Phrótacail um Oibriú go Sábháilte</a> ?			
3.	An bhfuil córas i bhfeidhm agat chun eolas agus treoir a thabhairt do do chuid oibríthe faoi na bearta coisc agus rialaithe ionfhabhtuithe (IPC) agus na bearta eile atá curtha i bhfeidhm agat chun cabhrú le leathadh COVID-19 san ionad oibre a chosc, agus faoin méid a bhfuiltear ag súil uathu siúd?			
4.	An bhfuil tú tar éis dul i gcomhairle le do chuid oibríthe <sup>1</sup> ar na bearta Prótacail atá i bhfeidhm san ionad oibre, agus an bhfuil córas i bhfeidhm do na hoibríthe chun ceisteanna nó ábhar imní a tharraingt anuas agus freagairt dóibh?			
5.	An bhfuil bearta coisc agus rialaithe ionfhabhtuithe (IPC) curtha i bhfeidhm agat chun an baol go nochtfaí oibríthe do COVID-19 a laghdú a oiread agus is féidir? ( <a href="#">Féach ar Sheicliosta 2.</a> )			
6.	An bhfuil do mheasúnuithe riosca agus ráitis sábháilteachta athbhreithnithe agus nuashonraithe agat chun aon bhearta sábháilteachta agus sláinte gairme agus leasa a chur san áireamh?			
7.	An bhfuil do phleananna éigeandála nuashonraithe agat, chun scaradh fisiciúil go háirithe a chur san áireamh?			
8.	An bhfuil Foirm COVID-19 Roimh Fhilleadh ar an Obair tugtha agat do gach oibrí, foirm atá le comhlánú agus le cur ar ais sula bhfilliann siad ar an ionad oibre? ( <a href="#">Féach ar an teimpléad d'Fhoirm COVID-19 Roimh Fhilleadh ar an Obair.</a> )			

<sup>1</sup> agus le Ceardchumainn nuair is cuí

Uimh.	Beart Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
9.	An bhfuil eolas tugtha agat do gach oibrí faoi <a href="#">threoir FSS faoi na daoine is mó atá i mbaol ó COVID-19</a> agus an bhfuil tú tar éis a iarraidh orthu a rá leat má bhaineann siad le haon cheann de na catagóirí sin?			
10.	Má tá cianobair ar bun agus oibríthe ag fillleadh ar an ionad oibre de réir a chéile, ar mhaithe le riachtanais shonracha ghnó, an bhfuil na spásanna oibre agus líon na ndaoine san ionad oibre eagraithe ar bhealach a laghdaíonn a mhéad daoine atá ann ag an am céanna a mhéid is féidir?			
11.	An bhfuil tú tar éis a rá le hoibríthe go gcaithfidh siad fanacht sa bhaile má thaispeánann toradh tástála go bhfuil COVID-19 orthu nó má tá aon <a href="#">chomharthaí nó siomptóim</a> den víreas orthu nó mura bhfuil siad ar fónamh? An bhfuil tú tar éis a dteidlíochtaí má tá siad tinn nó más gá dóibh srian a chur ar a ngluaiseachtaí a chur in iúl dóibh?			
12.	An bhfuil an <a href="#">Treoir Eatramhach le haghaidh Fostóirí maidir le hInniúlacht chun Oibre i ndiaidh Asláithreachta de bharr COVID-19</a> atá ar fáil ó HSA léite agat?			
13.	An bhfuil Príomh-Ionadaí Oibríthe ceaptha agat agus curtha faoi oiliúint chun cabhrú lena chinntiú go bhfuiltear ag cloí le bearta IPC COVID-19 san ionad oibre?			
14.	An bhfuil comhaontú na n-oibríthe <sup>1</sup> agat faoi aon athrú ar uainchláir foirne, eagrú foirne/meithleacha, sosanna, srl., a theastaíonn chun líon na ndaoine san ionad oibre ag an am céanna a bhainistiú agus chun bearta scartha fhisiciúil a chinntiú?			
15.	An bhfuil d'ionduchtú/sheisiún eolais faoin ionad oibre nuashonraithe agus an t-eolas ar fad faoi COVID-19 agus an Prótacal ann anois? ( <a href="#">Féach ar Sheicliosta 3</a> )			
16.	An bhfuil cruinnithe, oiliúint agus seisiún eolais le reáchtáil ar líne nó ar an bhfón a oiread agus is féidir?			
17.	An bhfuil na gníomhaíochtaí a gcaithfear idirghníomhnú le custaiméirí/conraitheoirí/cuairteoirí lena linn sainaitheanta agat agus an bhfuil bearta i bhfeidhm chun teagmháil fhisiciúil a chosc? An bhfuil clúdaigh aghaidhe tugtha agat do na hoibríthe murar féidir cloí le scaradh sóisialta 2 m?			
18.	An bhfuil tú tar éis dul i dteagmháil le soláthraithe agus seachadadh, seoladh sonrasc agus íocaíocht gan teagmháil a shocrú leo?			
19.	Má bhíonn taisteal thar lear don obair ar bun, an bhfuil seiceáil rialta á déanamh ar <a href="#">gov.ie</a> le haghaidh eolas faoi shrianta agus riachtanais taistil, toisc go nuashonraítear go minic é?			

<sup>1</sup> agus le Ceardchumainn nuair is cuí

Uimh.	Beart Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
20.	An bhfuil tú tar éis a mholadh do na hoibrithe taisteal chuig an/ón obair agus le haghaidh na hoibre leo féin?			
21.	Má tá a gcarr pearsanta in úsáid don obair, an bhfuil tú tar éis a rá leo nár cheart go mbeadh ach paisinéir amháin eile ar a mhéad leo, a bheadh suite de réir na dtreoirínite scartha fhisiciúil?			
22.	Má chaithfidh oibrithe feithicil oibre a roinnt nó taisteal chuig an/ón obair le daoine eile i bhfeithicil, an bhfuil siad ag taisteal mar fhoireann/mheitheal (pod)? An bhfuil tú tar éis a rá leo clúdaigh/maisic aghaidhe a chaitheamh, agus a lámha a ní roimh thaisteal le chéile agus ina dhiaidh, de réir na comhairle Sláinte Poiblí?			
23.	An bhfuil díghalrán lámh agus trealamh glantacháin tugtha d'oibrithe dá bhfeithicil oibre, agus an bhfuil glantachán ar bun roimh gach seal agus ina dhiaidh? An bhfuil a fhios ag na hoibrithe go gcaithfear pointí teagmhála inmheánacha a ghlanadh ag tús agus deireadh gach seala?			
24.	An bhfuil eolas tugtha agat do na hoibre faoi aeráil a fheabhsú agus an bhfuil tú tar éis iad a spreagadh le fuinneoga feithicle a choinneáil oscailte, agus gan na córais téimh agus aerála a úsáid san fheithicil chun aer a athshruthú?			
25.	An bhfuil tú tar éis a rá leis na hoibrithe a lámha a ghlanadh sula n-úsáideann siad iompar poiblí agus ina dhiaidh, sula dtagann siad chuig an obair?			
26.	An bhfuil stáisiúin oibre, deasca agus boird socraithe ar bhealach a chabhróidh le scaradh fhisiciúil?			
27.	An bhfuil tacaíochtaí i bhfeidhm le haghaidh oibrithe atá ag fulaingt de bharr imní nó struis, agus an bhfuil d'fhoireann ar an eolas faoi na tacaíochtaí sin?			
	<b>Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE)</b>			
28.	An bhfuil pé PPE agus éadach cosanta a theastaíonn bunaithe ar ghuais agus riosca do chuid oibrithe sainaitheanta, roghnaithe agus faighte, agus an bhfuil dóthain soláthairtí PPE socraithe?			
29.	An bhfuil oiliúint socraithe do do chuid oibrithe ar an mbealach ceart le PPE a fheistiú, a úsáid, a bhaint, a ghlanadh, a stóráil agus a dhiúscairt?			
30.	Má tá análaitheoirí in úsáid ag oibrithe, an bhfuil siad suiteáilte agus athchóirithe go tréimhsiúil mar is ceart agus de réir mar is cuí?			

Uimh.	Beart Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
31.	An bhfuil oiliúint nuashonraithe faighte ag do gharchabhróirí maidir le bearta coisc agus rialaithe ionfhabhtuithe (IPC), sláinteachas lámh agus úsáid aghaidhmhasc? Féach ar <a href="http://phecit.ie">phecit.ie</a> .			
32.	An bhfuil seiceáil á déanamh ar an gcóras aerála (meicniúil nó láimhe) sula bhfilltear ar an ionad oibre? Mar shampla, an bhfuil tú in ann fuinneoga a oscailt chun an aeráil a mhéadú a oiread agus is féidir? An bhfuil gá le glantachán nó cothabháil? Tá tuilleadh eolais i <a href="#">Seicliosta 8 Aeráil</a> .			
33.	An bhfuil tú tar éis breathnú ar an <a href="#">Prótacal um Oibriú go Sábháilte</a> nuashonraithe (Cuid 5.D) chun treoir a fháil faoi théimh, aeráil agus aerchóiriú (HVAC)?			
34.	An bhfuil measúnú riosca déanta agat chun an aeráil san ionad oibre a mheasúnú? (Tá tuilleadh eolais sa <a href="#">Phrótacal um Oibriú go Sábháilte</a> , Cuid 5.D)			
35.	An bhfuil gá le do chóras uisce the a shruthlú ag na hasraonta, m.sh. cithfholcadáin, cúlchaisí, srl., i ndiaidh úsáid íseal chun <a href="#">galar na Léigiúnach a chosc</a> ? Féach ar <a href="http://hsa.ie">hsa.ie</a> . An bhfuil plean cuí i bhfeidhm agat chun an t-ionad oibre/foirgneamh a athoscailt go sábháilte?			
36.	An bhfuil scrúdú reachtach le déanamh ar threalamh ardaithe nó eile (m.sh. ardaitheoirí, forcardaitheoirí, ardaitheoirí cúil, uathchláibh, srl.) agus an bhfuil duine inniúil socraithe agat chun an scrúdú sin a dhéanamh nuair a osclaíonn an t-ionad oibre an athuair? (Féach ar na ceisteanna coitianta ar <a href="http://hsa.ie">hsa.ie</a> .)			
37.	An bhfuil an duine inniúil sin tar éis sonraí a thabhairt duit faoin gcaoi a bhfuil sé i gceist an tasc a dhéanamh go sábháilte agus an méid is gá duitse a dhéanamh chun é a bhaint amach?			
38.	An bhfuil na feithiclí agus an trealamh ar fad san ionad oibre seiceáilte ó amharc le haghaidh comharthaí meatha nó damáiste sula n-úsáideann na hoibrithe arís iad?			
39.	An bhfuil an t-ionad oibre glanta go hiomlán, ina measc an trealamh, na stáisiúin oibre, na binsí, na doirse agus na dromchlaí a dteagmhaítear leo go minic ar fad? Má theastaíonn díghalrú, an bhfuil sé sin á dhéanamh chomh maith leis an nglantachán?			
40.	An bhfuil an t-ionad oibre glanta go hiomlán, ina measc an trealamh, na stáisiúin oibre, na binsí, na doirse agus na dromchlaí a dteagmhaítear leo go minic ar fad? Má theastaíonn díghalrú, an bhfuil sé sin á dhéanamh chomh maith leis an nglantachán?			

Uimh.	Beart Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
41.	An bhfuil tú tar éis dul i gcomhairle leis na hoibrithe agus/nó na Ceardchumainn faoin bhfillleadh ar an obair agus faoi aon bheartas maidir le hoibriú ón mbaile?			
<p><b>Tabhair faoi deara:</b> Níor cheart caitheamh le hAghaidhsciatha a dheantar agus a údaraítear mar PPE in aghaidh braoiníní riospráide mar mhalairt ar PPE cosanta ar thuairt san ionad oibre, ná iad a úsáid dá réir, mar shampla nuair a theastaíonn Scáthlán Aghaidh/PPE Cosanta Aghaidh a bhfuil marcáil chaighdeánach CE aige le haghaidh gníomhaíochtaí oibre ar nós táthú, meilte nó chun cosaint a thabhairt ar steallóga ceimiceán. Ní hiad na scáthlín aghaidh ghinearálta an rogha is fearr chun tú féin agus daoine eile a chosaint ar COVID-19.</p>				
<b>Eolas Breise</b>				
<p><b>Tuilleadh eolais:</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• <a href="#">Podchraoltaí agus Acmhainní Físeáin HSA maidir le Sláinte agus Folláine a Bhainistiú</a></li> <li>• <a href="#">Treoir ón HPSC maidir le haeráil foirgnimh nach n-úsáidtear do chúrsaí cúraim sláinte i rith COVID-19</a></li> <li>• <a href="#">Comhairle ghinearálta ón Lárionad Faire um Chosaint Sláinte maidir le héifeachtúlacht scáthlán i gcomparáid le maisc chun scaipeadh COVID-19 i suíomhanna nach mbaineann le cúram sláinte a chosc</a></li> <li>• Comhairle na Comhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil maidir le fillleadh ar an obair agus garchabhair (<a href="#">Update on FAR Responder Recertification</a>).</li> <li>• <a href="#">Comhairle COVID-19 HSA d’Fhostóirí agus d’Fhostaithe</a></li> <li>• Acmhainní COVID-19 Aistrithe ó <a href="#">Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte</a> agus Acmhainní aistrithe <a href="#">an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta</a></li> <li>• <a href="#">Acmhainní um Oibriú go Sábháilte</a></li> </ul>				

Ainm: \_\_\_\_\_

Síniú: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_

*Is chun críche treorach amháin an t-eolas atá sa seicliosta seo, agus níl sé cuimsitheach. Níl sé ceaptha comhairle dhlí a chur ort, agus níor cheart duit brath ar an eolas mar chomhairle dá leithéid. Ní thugaimid aon bharánta sainráite ná intuigthe i leith chruinneas nó iomláine an eolais. Ní bheidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faoi dhliteanas ar aon bhealach ná go feadh méid ar bith i leith aon damáistí, caillteanais ná costais dhíreacha, indíreacha, speisialta, theagmhasacha nó iarmhartacha a eascraíonn as úsáid an tseicliosta seo.*